TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT04

Téama
Taispeántas (T) agus Gníomhaíocht ranga (GR). Déanfaidh daltaí iniúchadh ar an méid trachta atá sa cheantar agus pléifidh siad an éifeacht a bhíonn ag trácht ar an imshaol áitiúil.

Cuspóirí
Feasacht a ardú maidir le saincheisteanna truaillithe agus sábháilteachta a bhaineann le trácht bóthair. A iarraidh ar dhaltaí smaoineamh ar na tionchair a bhíonn ag trácht ar a gceantar áitiúil.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag iniúchadh, ag meas agus ag anailísiú

Am
20 nóiméad cur i láthair; 30 nóiméad ag iniúchadh

Nascadh le Scoileanna Glasa
Éifeacht a bhíonn ag trácht áitiúil ar chlós na scoile; Úsáid fuinnimh

Ag comhaireamh carranna

AG DÉANAMH SUIRBHÉIREACHTA AR THRÁCHT I DO CHEANTAR

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Ceithre cheamara aon uaire/indiúscartha
- Cóipeanna den tábla atá faoi iamh
- Páipéar graife

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1. Scríobh an focal 'trácht' ar an gclár. Déan tobsmaointeoireacht leis an rang ar cad is trácht ann: busanna, carranna, leoraithe, veaineanna, trucail, rothair agus trácht do choisithe. Pléigh an chaoi a mbíonn truailliú torainn agus aeir i gceantair áitiúla mar thoradh ar thrácht throm. Bíonn peitreal nó díosal i bhformhór feithiclí: nó a dhóitear na breoslaí sin, scaoileann an carr gáis amach tríd an sceithphíopa ag cúl an chairr. Déanann go leor de na gáis sin dochar don imshaol agus don tsláinte.
2. Pléigh leis an rang conas a bhraitheann sé siúl síos sráid sa bhaile áitiúil nó i sráidbhaile ina mbíonn trácht throm.
3. Chomh maith le truailliú a bheith mar thoradh air, is minic nach mbíonn na háiteanna ina gcónaimid chomh sábháilte le siúl iontu agus le súgradh iontu mar gheall ar charranna agus trácht throm. Teastaíonn carranna uainn áfach le dhul ó áit go háit agus teastaíonn trucail uainn le hearraí a iompar ó mhonarcha chuig siopaí.

TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT04

ar leanúint →

4 Déanfaidh na daltaí iniúchadh ar conas a théann na daoine sa rang chuig an scoil, scrúdóidh siad an bhfuil na bealaí chuig an scoil sábháilte agus cá mhéad carranna a thaistealaíonn ar an mbóthar in aice na scoileanna.

5 Iarr ar na daltaí tábla a chur le chéile a thaispeánfaidh conas a théann gach duine sa rang chuig an scoil.

6 Beidh gach grúpa in ann clárú a dhéanamh ar conas a théann na páistí sa ghrúpa chuig an scoil. An dtéann siad sa charr nó ar bhus? An siúlann aon duine nó an dtéann siad ar rothar? An roinneann go leor acu síob le daltaí eile?

7 Féadfar an t-eolas ar fad a bhailiú ansin agus é a chur i láthair ar bharrachairt le cur ar taispeáint sa seomra ranga.

8 Le suirbhé a dhéanamh ar an mbealach chuig an scoil, d'fhéadfadh daltaí breathnú ar na bealaí a dtéann siad chuig an scoil agus iad ag taisteal ar lá a bheidh aontaithe acu ar fad nó rogha eile suirbhéanna a dhéanamh i bhfoirne le duine éigin ag coinneáil súil orthu. Ag an leibhéal is simplí, d'fhéadfadh an rang féachaint ar na bóithre atá díreach in aice leis an scoil. Ba chóir fíorthábhacht a leagan ar shábháilteacht.

9 Tabhair ceamara aon uaire do gach grúpa. Mínigh do na daltaí gur chóir dóibh grianghraif a ghlacadh de na páirteanna difriúla den bhealach agus iad ag teacht chuig an scoil. Ba chóir dóibh áiteanna a mbíonn an trácht trom a chur san áireamh; áit nach mbreathnaíonn sábháilte (m.sh. ag crosbhóithre, nó áit a dtagann siad amach as carr nó bus); áit a n-airíonn siad sábháilte (m..sh. soilse do choisithe, nó in aice maoir trách ta scoile); áit a mbíonn sé deacair/éasca trácht a fheiceáil go soiléir; agus áit a bhfeiceann siad carranna, busanna, coisithe nó rothaithe eile ag déanamh rudaí contúirteacha. Féadfaidh na daltaí a bheith ag tobsmaointeoireacht le chéile le teacht ar thuilleadh tuairimí le haghaidh grianghraf oiriúnach.

10 Féadfar na grianghraif a réalú agus iad a thaispeáint in éineacht le léarscáil de na sráideanna sa cheantar áitiúil (ag déanamh ceangail leis na gníomhaíochtaí léarscáilíochta sa phacáiste Cúram don Imshaol). Féadfaidh daltaí, bunaithe ar an eolas atá acu féin agus an fhianaise atá sa tsuirbhé agus sna grianghraif, spotaí contúirteacha a aithint sna bealaí chuig an scoil.

11 D'fhéadfaí torthaí an tionscadail a chur ar taispeáint i ndorchla na scoile nó iad a thabhairt chuig ranganna eile agus iad a bheith mar chuid de chaint ar shábháilteacht bóthair, agus d'fhéadfadh na daltaí iad féin an chaint a thabhairt. D'fhéadfadh daltaí cóip dá gcuid oibre agus litir a sheoladh chuig an gcomhairle áitiúil agus iarraidh orthu aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sábháilteachta faoi na bealaí chuig an scoil.

12 B'fhéidir gur mhaith le daltaí an trácht a chomhaireamh, agus líon na gcarranna a théann thar gheataí na scoile a chlárú.

13 Sula gcuirfidh siad tús leis an iniúchadh ba chóir do dhaltaí cinneadh a dhéanamh maidir leis an am (amanna) a gcomhairfidh siad an trácht, an bhfuil siad chun busanna, carranna agus leoraithe a chomhaireamh astu féin, conas atá siad chun an comhaireamh a dhéanamh, agus cá háit a mbeidh siad féin ina seasamh (ba chóir tábhacht ar leith a thabhairt do chúrsaí sábháilteachta).

TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT04

ar leanúint →

14 Mar shampla, déan comhaireamh ag am lóin nó nuair a chríochaíonn na naíonáin bheaga an scoil; nuair a bhíonn tú ag clárú trách ta, cláraigh Bus mar B, carr mar C, agus leoraí mar L; cláraigh an t-eolas sin ar pháipéar; bíodh beirt ag comhaireamh san áit chéanna agus cuir torthaí i gcomparáid lena chéile; bíodh daltaí ina seasamh in áit éigin sábháilte ag geataí na scoile, nó in áit a mbeidh amharc acu ar an mbóthar dul thar chlós na scoile.

15 Féadfaidh na daltaí ansin an t-eolas a chur i láthair ar ghraifeanna le cur ar taispeáint ina rang agus sa scoil.

Ceisteanna

1 Astaíonn gnáthcharr thart ar 170g dé-ocsaíd charbóin i gcás gach ciliméadair a thaistealaíonn sé. Déan suas cá mhéad tonna dé-ocsaíd charbóin a astaítear in uair a chloig amháin i stráice ciliméadair bóthair lasmuigh den scoil ag baint úsáide as na torthaí ón gcomhaireamh a rinne tú ar an trácht.

Ar aghaidh leat

1 Agus plé déanta ar an tionchar a bhíonn ag carranna ar an imshaol, d'fhéadfadh daltaí tús a chur le feachtas feasachta le siúl chuig an scoil a chur chun cinn – an n-oibreodh córas 'bus siúil'? (féach http://www.dto.ie/srts.htm le sampla a fháil ó Dhomhnach Buí, Co. Bhaile Átha Cliath.) D'fhéadfadh na daltaí bealaí rothaíochta sábháilte a thabhairt faoi deara chomh maith.

2 Taispeánann an Catulator ar an láithreán gréasáin seo do dhaltaí conas a chuidíonn an bealach a théann siad chuig an scoil leis an tionchar iomlán a bhíonn acu ar an imshaol.